Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

COVID-19 – Sos Íocaíochta

Úsáidtear téacs beochana agus íomhánna gluaisteacha chun an t-ábhar a léiriú.

Foilsithe ag Banc Ceannais na hÉireann ar an 10 Meitheamh 2020.

Má tá deacracht agat do mhorgáiste nó aon iasachtaí eile a aisíoc, ba cheart duit labhairt le d'iasachtóir a luaithe is féidir.

Tá bainc agus iasachtóirí eile, arna rialáil ag Banc Ceannais na hÉireann, ag cur sos ó íocaíochtaí ar fáil d'iasachtaithe a bhfuil tionchar ag COVID-19 orthu.

Tabharfaidh sos ó íocaíochtaí deis duit do chuid aisíocaíochtaí iasachta a chur ar athlá nó a laghdú go ceann tréimhse socraithe.

Tabharfaidh sé sin faoiseamh duit má tá deacrachtaí gearrthéarmacha airgeadais agat mar gheall ar COVID-19.

Táimid ag obair lena chinntiú go gcuirfidh iasachtóirí sos ó íocaíochtaí ar fáil i rith an ama agus go gcosnófar iasachtaithe.

Sula nglacann tú le sos ó íocaíochtaí, déan cinnte go dtuigeann tú cad is brí leis i do chás féin.

Bí ar an eolas maidir leis an tionchar a bheidh aige ar do chuid aisíocaíochtaí iasachta nuair a bheidh an sos thart, chomh maith leis an tionchar a bheidh aige ar chostas foriomlán d'iasachta.

Ceanglaítear ar iasachtóirí an méid a tharlóidh nuair a bheidh an sos íocaíochta thart a chur in iúl duit go soiléir.

Más dóigh leat go mbeidh deacrachtaí airgeadais agat ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse sosa atá ar fáil, labhair le d'iasachtóir anois chun na roghanna eile atá ar fáil duit a phlé.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag centralbank.ie/covid19-eolas.